Comhairle an
Aontais Eorpaigh

GA

15792/14

(OR. en)

PRESSE 598
PR CO 60

AN TORADH Ó CHRUINNIÚ NA COMHAIRLE

an 3348ú cruinniú de chuid na Comhairle

Gnóthaí Ginearálta

Trádáil

An Bhruiséil, 21 Samhain 2014

An tUachtarán **Carlo Calenda**
An Leas-Aire Forbartha Eacnamaíche

P R E A S

Rue de la Loi 175 B – 1048 AN BHRUISÉIL Teil.: +32 (0)2 281 3195 / 6319 Facs: +32 (0)2 281 8026
press.office@consilium.europa.eu http://www.consilium.europa.eu/press

Príomhthorthaí ón gComhairle

Ghlac an Chomhairle conclúidí ina ndéantar athbhreithniú ar thosaíochtaí ***chlár oibre trádála*** *an Aontais go ceann cúig bliana. D'athdhearbhaigh sí go bhfuil rún daingean ag an Aontas Eorpach saorthrádáil chothrom, oscailte a chur chun cinn, de mheon na cómhalartachta agus na tairbhe frithpháirtí. Ba dhíol sásaimh di an urfhuascailt a rinneadh, a chiallaíonn go mbeifear in ann "pacáiste Bali" de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála a chur chun feidhme go hiomlán agus lena réiteofar an bealach chun Clár Oibre Doha um Fhorbairt a chur i gcrích.*

"Mhol Uachtaránacht na hIodáile go bpléifí an fhís straitéiseach, a bheidh mar threoir againn sna blianta atá romhainn" *arsa Carlo Calenda, Leas-Aire Forbartha Eacnamaíche na hIodáile, ar a bhfuil freagracht maidir le trádáil.* "Ba cheart do bheartais uile an Aontais bheith dírithe ar na spriocanna maidir le fás, fostaíocht agus iomaíochas a bhaint amach. Ba cheart gurb amhlaidha bheadh freisin i gcás an bheartais trádála."

Ghlac an Chomhairle conclúidí freisin maidir leis an gcomhpháirtíocht leis ***na Stáit Aontaithe****, "an Chomhpháirtíocht Trádála agus Infheistíochta Thrasatlantach", inar cuireadh i bhfáth go bhfuil deis ann comhaontú uaillmhianach a chur i gcrích, agus go mbeidh deiseanna ann do theaghlaigh agus do chuideachtaí san Aontas agus sna Stáit Aontaithe araon.*

"Táimid sásta gur thacaigh an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha leis an togra ón Uachtaránacht maidir le conclúidí sonracha a chur i dtoll a chéile maidir le TTIP, *a dúirt an tUasal Calenda*. "Is comhartha follasach polaitiúil é sin do rialtas na Stát Aontaithe, tar éis do cheannairí an Aontais agus do cheannairí na Stát Aontaithe teacht le chéile ag cruinniú mullaigh an G20 i Brisbane chun a dheimhniú an athuair go bhfuilimid tiomanta don chaibidlíocht agus gur mian linn go ndéanfaí dul chun cinn cinntitheach an bhliain seo chugainn."

[1]
- I gcás ina mbeidh dearbhuithe, conclúidí nó rún glactha go foirmiúil ag an gComhairle, léirítear é seo sa cheannteideal don ábhar lena mbaineann agus cuirtear an téacs idir chomharthaí athfhriotail.
- Doiciméid a dtugtar tagairtí dóibh sa téacs, tá siad ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle (http://www.consilium.europa.eu).
- Gníomhartha a glacadh le dearbhuithe do mhiontuairiscí na Comhairle agus a fhéadfar a scaoileadh leis an bpobal, taispeántar le réiltín iad; tá na dearbhuithe seo ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle nó féadfar iad a fháil ón bPreas-Oifig.

CLÁR[1]

RANNPHÁIRTITHE 4

ÁBHAIR A PLÉADH

COSAINT I gCOINNE ALLMHAIRÍ DUMPÁILTE AGUS ALLMHAIRÍ FÓIRDHEONTAIS 6

SOLÁTHAR POIBLÍ 7

CLÁR OIBRE DOHA UM FHORBAIRT 8

CAIBIDLÍOCHT IDIR AN tAONTAS AGUS NA STÁIT AONAITHE MAIDIR LE TRÁDÁIL AGUS INFHEISTÍOCHT 9

BEARTAS TRÁDÁLA 10

CAIBIDLÍOCHT LEIS AN tSEAPÁIN AGUS LE VÍTNEAM MAIDIR LE TRÁDÁIL 12

ÁBHAIR EILE A FORMHEASADH

BEARTAS TRÁDÁLA

– Athbhreithniú ar Bheartas maidir le Rialú ar Onnmhairiú 13

COMHAR UM FHORBAIRT

– Caidreamh idir an tAontas agus Fidsí 15

AN COMHBHEARTAS SLÁNDÁLA AGUS COSANTA

– Oibríocht Atalanta - Oibríocht frithphíoráideachta amach ó chósta na Somáile 15

CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE

– Imirce agus forbairt 16

RANNPHÁIRTITHE

An Bheilg: Didier REYNDERS	An Leas-Phríomh-Aire agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Eorpacha, a bhfuil freagracht air maidir le Beliris agus maidir leis na hInstitiúidí Feidearálacha Cultúrtha
An Bhulgáir: Bojidar LOUKARSKY	An tAire Geilleagair
Poblacht na Seice: Jan MLÁDEK	An tAire Tionscail agus Trádála
An Danmhairg: Mogens JENSEN	An tAire Trádála agus Forbartha
An Ghearmáin: Matthias MACHNIG	Státrúnaí, An Aireacht Cónaidhme Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fuinnimh
An Eastóin: Anne SULLING	An tAire a bhfuil freagracht uirthi maidir le Trádáil Eachtrach agus Fiontraíocht
Éire: Richard BRUTON	An tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta
An Ghréig: Notis MITARACHI	An Státrúnaí Forbartha agus Iomaíochais
An Spáinn: Jaime GARCÍA-LEGAZ PONCE	An Státrúnaí Trádála
An Fhrainc: Matthias FEKL	An tAire Stáit um Thrádáil Eachtrach, Cur chun cinn na Turasóireachta agus Saoránaigh de chuid na Fraince atá Thar Lear
An Chróit: Joško KLISOVIĆ	An Leas-Aire Gnóthaí Eachtracha agus Eorpacha
An Iodáil: Carlo CALENDA	An Leas-Aire Forbartha Eacnamaíche
An Chipir: Kornelios KORNELIOU	An Buanionadaí
An Laitvia: Zanda KALNIŅA-LUKAŠEVICA	Rúnaí Parlaiminte, An Aireacht Gnóthaí Eachtracha
An Liotuáin: Rolandas KRIŠČIŪNAS	An Leas-Aire Gnóthaí Eachtracha
Lucsamburg: Christian BRAUN	An Buanionadaí
An Ungáir: István MIKOLA	Státrúnaí don Chomhar um an mBeartas Slándála agus don Chomhar Idirnáisiúnta, an Aireacht Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Málta: Christian CARDONA	An tAire um an nGeilleagar, Infheistíocht agus Gnólachtaí Beaga
An Ísiltír: Lilianne PLOUMEN	An tAire Trádála Eachtraí agus Comhair um Fhorbairt
An Ostair: Reinhold MITTERLEHNER	An Leas-Seansailéir agus an tAire Cónaidhme Eolaíochta, Taighde agus Geilleagair

An Pholainn:	
Andrzej DYCHA	Leas-Státrúnaí, An Aireacht um an nGeilleagar
An Phortaingéil:	
Bruno MAÇÃES	An Státrúnaí Gnóthaí Eorpacha
An Rómáin:	
Marcel Bogdan PANDELICA	Leas-Státrúnaí, An Aireacht Geilleagair
An tSlóivéin:	
Rado GENORIO	An Buanionadaí
An tSlóvaic:	
Ratislav CHOVANEC	Leas-Státrúnaí, An Aireacht Geilleagair
An Fhionlainn:	
Lenita TOIVAKKA	An tAire Gnóthaí Eorpacha agus Trádála Eachtraí
An tSualainn:	
Mikael DAMBERG	An tAire Fiontair agus Nuálaíochta
An Ríocht Aontaithe:	
Lucy NEVILLE-ROLFE	Fo-státrúnaí Parlaiminte do Mhaoin Intleachtúil, An Roinn Gnó, Nuálaíochta agus Scileanna

.....

An Coimisiún:	
Cecilia MALMSTRÖM	Comhalta

MÍREANNA A PLÉADH

COSAINT I gCOINNE ALLMHAIRÍ DUMPÁILTE AGUS ALLMHAIRÍ FÓIRDHEONTAIS

I bhfianaise togra comhréitigh ón Uachtaránacht (*15872/14*), phléigh an Chomhairle dréacht-rialachán atá dírithe ar ionstraimí an Aontais a nuashonrú chun dul i ngleic le hiomaíochas éagórach ó allmhairí dumpáilte agus ó allmhairí fóirdheontais.

Deimhníodh le linn an phlé go raibh deacrachtaí ann don Chomhairle teacht ar chomhaontú maidir leis an togra. Dá bhrí sin, d'iarr an Uachtaránacht ar an gCoimisiún féachaint ar bhealach le dul chun cinn a dhéanamh.

Is beag athrú a tháinig ar ionstraimí cosanta trádála an Aontais ó 1995. Baintear leas as dleachtanna frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais chun táirgeoirí an Aontais a chosaint ón damáiste a dhéanann cleachtais éagóracha trádála cuideachtaí coigríche.

Leis an togra, táthar ag iarraidh gur fearr a fheidhmeodh ionstraimí cosanta trádála an Aontais do gheallsealbhóirí uile an Aontais - idir tháirgeoirí, allmhaireoirí agus úsáideoirí (*8495/13*).

Go sonrach, táthar ag iarraidh an méid a leanas a dhéanamh:

– an trédhearcacht agus an intuarthacht a fheabhsú maidir le bearta sealadacha frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a fhorchur;

– cur ar chumas na n-allmhaireoirí aisíocaíocht a fháil ar na dleachtanna a bailíodh le linn athbhreithnithe maidir le dul in éag i gcás nach gcothaítear bearta cosanta trádála tar éis cúig bliana;

– i gcás ina bhfuil baol frithbheartaíochta ann, go mbeifí in ann imscrúduithe a thionscnamh ex officio, i.e. gan iarraidh oifigiúil ón tionscal;

– i margaí na n-amhábhar, go mbeifí in ann dleachtanna níos airde a fhorchur ar allmhairí ó thíortha a bhaineann leas as fóirdheontais éagóracha agus a chruthaíonn saobhadh struchtúrach. Sna cásanna sin, d'imeodh an tAontas ó "riail na dleachta níos lú", a fhágann nach féidir leis na dleachtanna bheith níos airde ná mar atá riachtanach chun dochar do thionscal an Aontais a chosc.

SOLÁTHAR POIBLÍ

I bhfianaise an chomhréitigh a mhol an Uachtaránacht (*15874/14*), phléigh an Chomhairle togra le haghaidh rialachán atá dírithe ar fheabhas a chur ar na coinníollacha faoinar féidir le gnólachtaí an Aontais dul san iomaíocht le haghaidh conarthaí poiblí i dtríú tíortha.

Leis an togra, táthar ag iarraidh seasamh an Aontais a threisiú agus é i mbun caibidlíochta maidir le coinníollacha rochtana ar na margaí soláthair phoiblí i dtríú tíortha, agus soiléiriú a dhéanamh ar staid dhlíthiúil na dtairgeoirí coigríche san Aontas (*8257/12*).

Deimhníodh le linn an phlé go raibh deacrachtaí ann don Chomhairle teacht ar chomhaontú maidir leis an togra. Dá bhrí sin, d'iarr an Uachtaránacht ar an gCoimisiún féachaint ar bhealaí eile ina bhféadfaí cuspóirí an togra a bhaint amach.

CLÁR OIBRE DOHA UM FHORBAIRT

Phléigh an Chomhairle caibidlíochtaí trádála faoi Chlár Oibre Doha um Fhorbairt (DDA) de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála tar éis an 9ú cruinniú aireachta de chuid EDT a tionóladh in Bali i mí na Nollag 2013.

Ba dhíol sásaimh di an urfhuascailt a rinneadh maidir le comhaontú ar éascú trádála agus ar shaincheisteanna slándála bia a chur chun feidhme, a chiallaíonn go mbeifear in ann "pacáiste Bali" a chur chun feidhme go hiomlán agus lena réiteofar an bealach chun Clár Oibre Doha um Fhorbairt a chur i gcrích. Ba dhíol sásaimh di freisin go mbeifí in ann filleadh ar ghnéithe eile den phacáiste.

Thángthas ar chomhaontú in Bali maidir le pacáiste beart a chumhdaíonn an méid seo a leanas:

– éascú trádála;

– tíortha i mbéal forbartha/na tíortha is lú forbairt (rialacha fabhracha maidir le tionscnamh i gcás na dtíortha is lú forbairt, LDCanna, tarscaoileadh seirbhísí LDCanna a oibríochtú, rochtain ar mhargaí saor ó dhleacht agus saor ó chuótaí do LDCanna, sásra faireacháin na hionramhála speisialta agus difreálaí);

– saincheisteanna talmhaíochta (seirbhísí ginearálta, slándáil an tsoláthair bhia, riarachán maidir le cuóta rátaí taraife, iomaíochas onnmhairíochta, cadás).

Beart iltaobhach ceangailteach a bheidh sa chomhaontú um éascú trádála agus is é an t-athchóiriú is mó ar EDT é ón lá a bunaíodh é. Is é is aidhm don chomhaontú sin dlús a chur le nósanna imeachta custaim; a áirithiú go bhféadfar dul i mbun trádála ar bhealach níos fusa, níos tapúla agus níos saoire; soiléireacht, éifeachtúlacht agus trédhearcacht a áirithiú; an maorlathas agus an éillitheacht a laghdú; agus leas a bhaint as an dul chun cinn sa teicneolaíocht. Tá forálacha ann maidir le hearraí faoi bhealach, atá tábhachtach do thíortha talamhiata atá ag iarraidh dul i mbun trádála trí chalafoirt i dtíortha comharsanachta. Tá cúnamh ar fáil do thíortha i mbéal forbartha agus do na tíortha is lú forbairt chun a mbonneagar a nuachóiriú, chun oiliúint a chur ar oifigigh chustaim, nó ar mhaithe le haon chostas eile a eascraíonn as an gcomhaontú sin a chur chun feidhme.

CAIBIDLÍOCHT IDIR AN tAONTAS AGUS NA STÁIT AONTAITHE MAIDIR LE TRÁDÁIL AGUS INFHEISTÍOCHT

Bhreathnaigh an Chomhairle ar an gcaibidlíocht atá ar bun maidir le comhaontú cuimsitheach trádála agus infheistíochta a dhéanamh leis na Stáit Aontaithe, an "chomhpháirtíocht trádála agus infheistíochta thrasatlantach" (TTIP).

Phléigh sí freisin an bealach chun cinn sa chaibidlíocht sin agus chuir sí i bhfáth go bhfuil deis ann comhaontú uaillmhianach a chur i gcrích, agus go mbeidh deiseanna ann do theaghlaigh agus do chuideachtaí san Aontas agus sna Stáit Aontaithe araon.

Ghlac an Chomhairle na Conclúidí seo a leanas:

"1. Is ceann de phríomhthosaíochtaí an Aontais Eorpaigh é cur leis an bhfás inbhuanaithe agus leis an bhfostaíocht. Leis an trádáil in earraí agus i seirbhísí agus leis an infheistíocht, féadfar rannchuidiú go suntasach chuige sin. Cuireann an Chomhairle in iúl an athuair an ról bunúsach atá ag Comhaontú TTIP leis na Stáit Aontaithe, a bheadh domhain, uaillmhianach, cothromaithe agus chun tairbhe an dá thaobh, comhaontú lena gcuirfear deiseanna nua suntasacha ar fáil do shaoránaigh agus do chuideachtaí san Aontas agus sna Stáit Aontaithe araon. Leis sin, cuideofar chun dlús a chur faoi chruthú post agus faoin bhfás eacnamaíoch trí thrádáil agus infheistíocht idir na tíortha ar an dá thaobh den Atlantach a fheabhsú, agus ár gceart chun rialú á áirithiú agus, ag an am céanna, ardleibhéal na gcaighdeán á choinneáil ar aon dul le acquis an Aontais agus le reachtaíocht na mBallstát. Aithníonn an Chomhairle freisin an tábhacht a bhaineann le TTIP mar bhunchloch straitéiseach dár gcomhpháirtíocht thrasatlantach, lena gcuideofar go mór leis an domhandú agus leis an gcóras trádála idirnáisiúnta a mhúnlú agus le tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe.

2. Leagann an Chomhairle béim ar an tábhacht a bhaineann le raon feidhme agus buntáistí an chomhaontaithe a chur in iúl ar bhealach níos fearr, agus le trédhearcacht agus idirphlé leis an tsochaí shibhialta a fheabhsú, d'fhonn díriú ar na buntáistí a bheadh ann do shaoránaigh na hEorpa agus na deiseanna a chruthófaí do chuideachtaí san Aontas, go háirithe cuideachtaí beaga agus meánmhéide. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint ar aghaidh leis na hiarrachtaí dearfacha a rinneadh go dtí seo agus gur gá dul i dteagmháil leis na Stát Aontaithe féachaint an bhféadfaí feabhas a chur ar an trédhearcacht, lena n-áirítear an rochtain ar na doiciméid chaibidlíochta ar fad le go bhféadfaí na Ballstáit plé dearfach a fhorbairt leis an tsochaí shibhialta.

3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcreideann sí go láidir go ndéanfar comhaontú a thabhairt chun críche maidir le trí cholún na caibidlíochta a luaithe is féidir, i gcomhréir le sainordú na Comhairle, agus go mbeidh an comhaontú sin domhain, uaillmhianach, cothrom agus go rachaidh sé chun tairbhe an dá thaobh. D'fhonn an aidhm sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach go mbeadh tacaíocht pholaitiúil, shoiléir, láidir ann don dá pháirtí agus iad i mbun caibidlíochta, tacaíocht a chuirfidh dlús faoi chaibidlíocht agus faoi thabhairt chun críche tráthúil an chomhaontaithe."

BEARTAS TRÁDÁLA

Ghlac an Chomhairle na Conclúidí seo a leanas:

"1. Bhí cruinniú inniu den chéad uair ag an gComhairle leis an gCoimisinéir nua um Thrádáil, Cecilia Malmström, agus sa chomthéacs sin déanann an Chomhairle an méid a leanas:

- Meabhraíonn sí na Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Feabhra 2013
- Meabhraíonn sí na Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2014
- Meabhraíonn sí an straitéis An Eoraip Dhomhanda: Ag Iomaíocht sa Domhan, agus an straitéis Eoraip 2020 "Trádáil, Fás agus Gnóthaí Domhanda";
- Is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh ón gcruinniú deireanach a bhí aici, maidir le lear mór de shainchomhaid thábhachtacha, idir déthaobhach, iltaobhach agus reachtach.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean ag an Aontas Eorpach saorthrádáil chothrom, oscailte a chur chun cinn, de mheon na cómhalartachta agus na tairbhe frithpháirtí. Is í an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) an creat nádúrtha trína leanfar de na prionsabail sin a athdhearbhú. Is díol sásaimh don Chomhairle an urfhuascailt a rinneadh, a chiallaíonn go mbeifear in ann pacáiste Bali a chur chun feidhme go hiomlán, lena n-áirítear an Comhaontú um Éascú Trádála, lena réiteofar an bealach chun Clár Oibre Doha um Fhorbairt a chur i gcrích. Leis na comhaontuithe ilpháirtithe agus earnálacha, is féidir cuidiú freisin le clár oibre an Aontais i dtaca leis an bhfás. Cé go bhfuil an tAontas fós tiomanta don chóras trádála iltaobhach a neartú tuilleadh, díreoidh sé freisin ar a chaidreamh trádála déthaobhach a fhorbairt. Cabhróidh an caidreamh sin go mór leis an gcóras iltaobhach. Ar bhonn an dul chun cinn shuntasaigh a rinneadh i gclár oibre thrádáil dhéthaobhach an Aontais, ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun comhaontuithe leis na príomh-chomhpháirtithe a thabhairt i gcrích, agus tosaíocht á tabhairt don chaibidlíocht sin a mbeidh an sochar is fearr ag roinnt léi i dtéarmaí fáis agus fostaíochta. Chun an fás agus an fhostaíocht a chur chun cinn tá sé fiorthábhachtach freisin na Comhaontaithe atá ann cheana a chur chun feidhme go héifeachtúil agus na rialacha a fhorfheidhmiú.

3. Cé go bhfuil gais an téarnaimh eacnamaíoch ag péacadh san Eoraip, is cúis mhór imní í an dífhostaíocht i gcónaí, go háirithe i measc daoine óga. Mar sin, ní mór don Aontas leanúint den fhás inbhuanaithe a chur chun cinn, an infheistíocht a mhéadú, tuilleadh fostaíochta agus fostaíocht ar ardchaighdeán a chruthú: cabhróidh an trádáil in earraí agus i seirbhísí agus an infheistíocht go mór leis na haidhmeanna atá i gcroílár "Clár Oibre Straitéiseach don Aontas i dtráth seo an Athraithe" a bhaint amach.

4. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an clár oibre trádála, ar uirlis de chuid an chaidrimh sheachtraigh é, ag teacht go huile agus go hiomlán le beartais ábhartha eile an Aontais, lena n-áirítear trí mheán na cumarsáide cuí idir ranna an Choimisiúin. Molaimid don Choimisiún feabhas a chur ar na measúnuithe tionchair "ex-ante" ar fad a dhéantar le haghaidh na caibidlíochta saorthrádála, agus leanúint de mheastóireachtaí tionchair "ex-post" a dhéanamh i gcomhair comhaontuithe a cuireadh chun feidhme.

5. Le go mbeifear in ann acmhainn iomlán na trádála a fhorbairt in earnáil na talmhaíochta, na tionsclaíochta agus na seirbhísí, ní mór aghaidh a thabhairt ar roinnt fadhbanna structúracha: costais an fhuinnimh; rochtain ar amhábhair (go príomha, trí fháil réidh le dleachtanna agus srianta ar onnmhairí); idirnáisiúnú na FBManna; bacainní teicniúla agus bacainní eile nach taraifí iad. Tá an méid thuas ríthábhachtach ó thaobh dálaí fabhracha infheistíochta agus rochtain níos fearr ar an margadh a chur chun cinn. Caithfidh an urraim ar chearta maoine intleachtúla a bheith lárnach freisin sa chaibidlíocht trádála (lena n-áirítear táscairí geografacha, paitinní, trádmhairc agus cóipchearta), chomh maith le margaí oscailte soláthair rialtais, agus tacaíocht don fhorbairt inbhuanaithe (aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amhail an t-athrú aeráide agus caighdeáin an tsaothair a chomhall). Ar deireadh, ba cheart go gcuirfí slabhraí luacha ar fud an domhain san áireamh sa chaibidlíocht trádála chomh maith, ráite gur féidir cuidiú leis an bhfás a chur chun cinn leo, le FBManna a idirnáisiúnú, le hinfheistíocht a mhéadú agus le poist bhreise agus poist níos fearr a chruthú san Eoraip.

6. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé buntáistí na trádála a chur in iúl ar bhealach níos éifeachtaí. Ba cheart coinneáil le trédhearcacht na caibidlíochta trádála a fheabhsú, d'fhonn cur leis an idirphlé le saoránaigh na hEorpa, de mheon na cuntasachta daonlathaí.

7. Dá bhrí sin, agus na tuairimí a léiríodh i gcruinniú an lae inniu á gcur san áireamh aici, agus na Conclúidí thuasluaite á meabhrú aici, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfadh sé a dhoiciméad straitéiseach "Trádáil, Fás agus Gnóthaí Domhanda" a thíolaic sé in 2010 a thabhairt cothrom le dáta agus tuairisciú a dhéanamh don Chomhairle i dtréimhse ama iomchuí maidir leis."

CAIBIDLÍOCHT LEIS AN tSEAPÁIN AGUS LE VÍTNEAM MAIDIR LE TRÁDÁIL

Bhreathnaigh an Chomhairle ar an dul chun cinn a rinneadh sa chaibidlíocht leis an tSeapáin agus le Vítneam maidir le trádáil agus bhreathnaigh sí freisin ar an gcosúlacht atá air go dtabharfar chun críche iad in 2015.

MÍREANNA EILE A FORMHEASADH

BEARTAS TRÁDÁLA

Athbhreithniú ar Bheartas maidir le Rialú ar Onnmhairiú

Ghlac an Chomhairle na Conclúidí seo a leanas:

"1. Is mór-onnmhaireoir ítimí dé-úsáide é an tAontas Eorpach agus is gníomhaire suntasach é i réimse na rialuithe onnmhairí maidir le frithleathadh. Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag na Ballstáit agus ag an Aontas Eorpach chun córas rialaithe onnmhairí maidir le hítimí dé-úsáide a threisiú le deich mbliana anuas, go háirithe mar fhreagra do straitéis an Aontais Eorpaigh in éadan leathadh na n-arm ollscriosta (AOS) de mhí na Nollag 2003 agus do Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Foráiltear i Rialachán (CE) Uimh. 428/2009[1] bonn daingean dlí agus institiúideach ó thaobh rialú éifeachtach de, agus leasaíodh le déanaí é chun cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le nuashonrú an liosta rialaithe ítimí dé-úsáide. Aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún sa phróiseas athbhreithnithe agus tugann sí dá haire an tuarascáil maidir leis an gcomhairliúchán poiblí sa Pháipéar Uaine[2] i mí Eanáir 2013[3], an tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an 16 Deireadh Fómhair 2013 maidir le cur chun feidhme an Rialacháin[4] agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Aibreán 2014[5], a mholann roghanna nithiúla beartais d'fhonn rialuithe onnmhairí an Aontais Eorpaigh a fheabhsú, a chuirfidh feabhas ar a n-éifeachtúlacht agus ar a gcomhchuibheas. Tá tuairim na Comhairle fabhrach maidir le forbairt bhreise ar rialuithe onnmhairí an Aontais Eorpaigh.

2. Is é is aidhm do rialuithe onnmhairí, agus don Rialachán maidir le Dé-Úsáid go háirithe, leathadh arm ollscriosta agus carnadh díchobhsaitheach gnáth-arm a chosc. Measann an Chomhairle go bhfuil ceist an-mhór ann do Bhallstáit maidir le leibhéil rialaithe a choimeád nó a fheabhsú agus ag an am céanna cothromaíocht a bhaint amach idir slándáil agus trádáil dhlisteanach. Thairis sin, aontaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go dtabharfaí cothrom na Féinne ar fud an domhain don tionscal Eorpach atá bainteach le hítimí dé-úsáide a onnmhairiú. Déanfaidh sé scrúdú ar an tionscnamh ón gCoimisiún chun ualach riaracháin agus saobhadh iomaíochta a íoslaghdú, costais idirbheartaíochta a bhaineann le rialú éagsúil a laghdú agus trádáil dhlisteanach a éascú. Iarrann an Chomhairle freisin ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún rialuithe aistrithe idir-AE a athmheas chun na bacainní atá ann fós sa Mhargadh Aonair a íoslaghdú, agus ag an am céanna rialuithe agus inrianaitheacht iomchuí na n-ítimí is íogaire a choimeád.

---

1 IO L 134, 29 Bealtaine 2009, lch. 1.
2 COM(2011) 393, 30 Meitheamh 2011.
3 SWD(2013) 7, 17 Eanáir 2013.
4 COM(2013) 710, 16 Deireadh Fómhair 2013.
5 COM(2014) 244, 24 Aibreán 2014.

3. Aithníonn an Chomhairle nach mór acmhainneacht láidir a bheith ag córas rialaithe onnmhairí an Aontais Eorpaigh chun freagairt ar bhagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr an riosca a eascraíonn as leathadh arm. Ba cheart do na rialuithe a bheith bunaithe ar mheasúnú dian, agus an rialú dírithe ar na limistéir ina mbeadh na rioscaí beartaithe níos airde. Spreagann an Chomhairle comhar le hearnáil na tionsclaíochta d'fhonn acmhainneacht an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát dul i ngleic go héifeachtach leis na dúshláin a bhaineann leis an teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn. Tugann an Chomhairle dá haire rannchuidiú an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát faoi láthair leis na córais idirnáisiúnta rialaithe onnmhairí, agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí chun an rannchuidiú sin a fheabhsú agus a chomhordú ar bhealach níos fearr. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeidh na Ballstáit go léir, agus nuair is iomchuí an tAontas Eorpach, rannpháirteach go hiomlán sna córais.

4. Meabhraíonn an Chomhairle an ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2014[1] ina n-aithnítear na saincheisteanna maidir le honnmhairiú teicneolaíochtaí áirithe faisnéise agus cumarsáide (TFC). D'fhéadfaí teicneolaíochtaí den sórt sin a úsáid i ndáil le sáruithe ar chearta an duine agus chun dochar a dhéanamh don tslándáil idirnáisiúnta, go háirithe i dtaca le teicneolaíochtaí a úsáidtear le hollfhaireachas, faireachán, rianú agus cinsireacht. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil gá le tuilleadh rialuithe onnmhairí chun brú faoi chois inmheánach nó sceimhlitheoireacht a chosc. Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Chomhairle go mbeidh tuilleadh plé agus díospóireacht threisithe ag na saineolaithe teicniúla ábhartha.

5. Aithníonn an Chomhairle an gá atá ann aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le hAistriú Doláimhsithe Teicneolaíochta.

6. Aontaíonn an Chomhairle go gcuirfeadh comhar níos dlúithe leis an saol acadúil agus le hionaid taighde feabhas ar rialú "taighde dé-úsáide", agus ag an am céanna go seachnódh sé bacainní míchuí ar shaorshreabhadh eolais agus iomaíochas domhanda theicneolaíocht agus eolaíocht an Aontais Eorpaigh. Molann an Chomhairle iarrachtaí na mBallstát riosca úsáide neamh-airí de thaighde dé-úsáide agus an riosca a bhaineann le mí-úsáid fhéideartha taighde eolaíoch, a d'fhéadfadh cur isteach ar an tslándáil idirnáisiúnta, a laghdú.

7. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil trédhearcacht iomchuí agus comhpháirtíocht shubstaintiúil leis an earnáil phríobháideach riachtanach do chóras nua-aimseartha oiriúnaitheach rialaithe onnmhairí. Mar shampla, d'fhéadfadh bunú "córas ríomh-cheadúnaithe" sna Ballstáit na nósanna imeachta riaracháin do rialuithe onnmhairí a éascú. Tacaíonn an Chomhairle le hiarrachtaí an Choimisiúin agus na mBallstát gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus forbartha acmhainní do riaracháin agus tionsclaíocht náisiúnta, oiliúint d'oifigigh chustaim an Aontais, agus comhar le tríú tíortha a threisiú. Tá na gníomhaíochtaí sin éigeantach chun leibhéal rialuithe domhanda a fheabhsú, agus ba cheart iad a chur chun cinn agus tacú leo go hiomchuí ag leibhéal an Aontais Eorpaigh. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé onnmhairithe dlisteanacha a éascú.

[1] IO L 173, 12 Meitheamh 2014, lch. 73.

8. Tá tuairim na Comhairle fabhrach maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na húdaruithe ginearálta onnmhairithe atá ann cheana agus leis an bhféidearthacht Údaruithe Ginearálta Onnmhairithe nua de chuid an Aontais Eorpaigh a thabhairt isteach, arbh fhéidir trádáil íosriosca a éascú leo chun sochair gach cuideachta Eorpaí agus ag an am céanna ardleibhéal na rialuithe atá ann faoi láthair a choimeád. Ag an am céanna aithníonn an Chomhairle gur cheart go ndéanfadh na Ballstáit measúnú ar cibé an bhfuil an leibhéal ceart bainte amach nó nach bhfuil maidir le comhchuibhiú ceadúnaithe (ceanglais iarratais agus coinníollacha ceadúnaithe) agus maidir le diúltú a eisiúint (critéir eisiúna).

9. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil rialú ar ítimí dé-úsáide nach bhfuil liostaithe éigeantach don rialú. Ba cheart do na Ballstáit a mheas an bhféadfaí cur i bhfeidhm rialuithe "uileghabhálacha" a fhorbairt tuilleadh, agus a aithint ag an am céanna go bhfuil an ionstraim dírithe ar chásanna sonracha. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún na roghanna maidir le malartú faisnéise feabhsaithe a fhiosrú."

COMHAR UM FHORBAIRT

Caidreamh idir an tAontas agus Fidsí

D'fhormheas an Chomhairle litir chuig Uachtarán Phoblacht Fhidsí ina gcuirtear in iúl dó go gcuirfear ar leataobh na bearta faoi Airteagal 96 de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE agus go bhfillfear ar an gcomhar forbraíochta arís nuair a chuirfear bailchríoch ar chlár an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta.

AN COMHBHEARTAS SLÁNDÁLA AGUS COSANTA

Oibríocht Atalanta - Oibríocht frithphíoráideachta amach ó chósta na Somáile

Chuir an Chomhairle síneadh le sainordú oibríocht frithphíoráideachta an Aontais amach ó chósta na Somáile (EUNAVFOR Atalanta) go dtí an 12 Nollaig 2016.

Cuirfear síneadh le cúraimí na hoibríochta ionas go n-áireofar leo tacaíocht lóistíochtúil, saineolas nó oiliúint ar muir agus cur chun feidhme cláir AE i ndlúthchomhar le gníomhaíochtaí sa réigiún faoi Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach preaseisiúint.

CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE

Imirce agus forbairt

Ghlac an Chomhairle seasaimh don 4ú comhdháil aireachta Eorpach-Afracach maidir leis an imirce agus leis an bhforbairt agus do chomhdháil aireachta maidir le próiseas Khartoum a thionólfar sa Róimh an 27 agus an 28 Samhain 2014 faoi seach.